AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Bunsuirbhéireachtaí Crann

Tá crainn ina ndlúthchuid dár n-oidhreacht nádúrtha agus tá líon na ndaoine atá ar an eolas faoi luach na gcrann sna bailte móra agus faoin tuath araon, ag dul i méad. Tá an feasacht sin ag teacht in éineacht le himní faoin ráta ar a bhfuil crainn aibí á gcailleadh ó thírdhreach na hÉireann.

Tá ceithre phríomhchúis leis an gcaillteanas seo:

Tá crainn á leagan ar láithreáin ar bhfuil obair fhorbartha á déanamh chun slí a dhéanamh do thithe, do thionscail agus do bhóithre nua.

Tá crainn i bhfálta sceach *(hedgerow trees)* agus coillearnaigh bheaga *(woodlands)* á mbaint faoi scéimeanna le feirmeanna a nua-chóiriú.

Tá go leor de na crainn is breátha dá bhfuil againn, a cuireadh ag deireadh an 18ú céad agus i rith an chéid seo caite nuair a leagadh feirmeanna, páirceanna agus diméinte amach, ag fáil bháis anois de bharr an aois a bheith tagtha orthu.

Tá crainn á gcailleadh trí ghalair freisin anois. Tá athrú mór tagtha ar chuma an tírdhreacha i roinnt limistéar mar shampla de bharr ghalar an leamháin Dhúitsigh *(Dutch elm)*.

Tá cuid de na hathruithe seo riachtanach agus chaithfidís teacht. Mura ndéantar bearta le dul i ngleic leis na caillteanais seo áfach, trí chrainn atá ann a chaomhnú agus crainn nua a chur, is lú an líon crann a bheidh faoin tuath againn go mbainfeadh na glúine atá le teacht taitneamh astu.

Ba chóir d'údaráis áitiúla, do chumainn saoráidí agus do choillteoirí na nithe seo a leanas a bheith ar taifead mar chéad chéim in aicsean éifeachtach:

- ***na crainn sin ina ndúichí a bhfuil cosaint tuillte acu de thairbhe a luacha sa tírdhreach;***
- ***na limistéir sin mar a bhfuil gá le crainn a chur ionas go gcoinneofar an clúdach reatha crann, chun radhairc mhíthaitneamhacha a fholach, agus chun limistéir saoráidí a bhreisiú.***

Is féidir faisnéis den sórt sin a bhailiú trí úsáid a bhaint as suirbhéireacht shimplí chrann.

Bunsuirbhéireacht Chrann

Tá an tsuirbhéireacht chrann a gcuirtear síos uirthi thíos deartha sa chaoi is go mbeifear in ann na crainn sin a bhfuil cosaint tuillte acu a chur ar taifead go tapa chomh maith leis na limistéir sin mar a bhfuil gá le crainn a chur.

Is fearr suirbhéireacht a dhéanamh agus beirt ina bun. Is féidir í a dhéanamh tráth ar bith den bhliain, ach ní bhíonn aon duilliúr sa gheimhreadh chun máchailí amhail cuasa nó craobha briste a fholach ar dhuine.

Trealamh

Bain úsáid as bonnléarscáil Suirbhéireachta Ordanáis, ar scála 25m le 1 mhíle nó 6 throigh le 1 mhíle ag brath ar mhéid an limistéir a bhfuil suirbhéireacht á déanamh air. Ba chóir úsáid a bhaint aisti seo mar mháistirchóip, agus is féidir úsáid a bhaint as rian-líníochtaí le haghaidh oibre

allamuigh. Ba chóir uimhir na léarscáile a thaifeadadh. Beidh fáisc-chlár *(clipboard)*agus bileoga scaoilte páipéir ag teastáil uait freisin.

Beidh leabhar amhail *A Field Guide to the Trees of Britain and Northern Europe* le A F Mitchell, arna fhoilsiú ag Collins, úsáideach leis na crainn a shainaithint.

Nithe a chur ar Taifead

Bíonn dhá chéim i gceist leis seo: an léarscáil a mharcáil, agus bileog thaifid a líonadh isteach ina dhiaidh.

C:- Ba chóir crainn shingil a tharraingt mar phonc laistigh de chiorcal, agus ba cheart an litir 'C' a chur taobh leis an gciorcal in éineacht leis an uimhir thagartha chuí. (C1, C2, srl.)

G:- Ba chóir grúpaí a thaispeáint agus líne bhriste timpeall orthu in éineacht leis an litir 'G' agus an uimhir thagartha chuí.

L:- Ba chóir criosanna líneacha crann a thaispeáint agus poncanna ina n-imlíne ar an limistéar, in éineacht leis an litir 'L' agus an uimhir thagartha chuí.

CFS:- Ba chóir crainn i bhfálta sceach a mharcáil le líne fhiarlánach (/\/\/\/\/\/\) in éineacht leis na litreacha 'CFS' agus an uimhir thagartha chuí.

CL:- Ba chóir coillearnaigh a shracléiriú le líne leanúnach agus a lipéadú leis na litreacha 'CL' agus an uimhir thagartha chuí.

Ba chóir úsáid a bhaint as limistéir chomhthreomhara ///// chun láithreáin a thaispeáint a d'fhéadfadh bheith ina n-áiteanna chun crainn nua a chur.

D'fhéadfaí cuimhneamh ar na háiteanna seo a leanas mar limistéir oiriúnacha le crainn nua a chur iontu, mar atá, talamh thart ar scoileanna, eaglaisí, mhonarchana, ollmhargaí, limistéir tithíochta, fhoirgnimh nua-aimseartha feirme agus pháirceanna imeartha; agus i sráideanna, ciumhaiseanna leathana bóithre agus dramh-thalamh taobh le bóithre, fánaí géara, ciumhaiseanna páirceanna agus teorainneacha feirme.

Speicis

Déanfaidh ainmneacha coitianta cúis, ach ba chóir ainm luibheolaíochta a thabhairt ar speicis neamhchoitianta. (Mura féidir leat speicis a shainaithint, cuir comhartha ceiste taobh leo agus faigh tuairim eile.)

An Bhileog Thaifid

Ba chóir an fhaisnéis seo a leanas a bheith breactha síos ar an mbileog thaifid chun dul in éineacht leis an léarscáil:	
Aicme (crann singil, grúpa, coill, srl.)	
Uimhir thagartha an chrainn nó an ghrúpa (C1, C2, srl.)	
Speiceas an chrainn	
Meastachán ar líon na gcrann den speiceas sin atá sa ghrúpa	
Aois	
Riocht	
Luach don Tírdhreach	
Aicmiú	
Crainn shingil - C	
Grúpa Crann - G	
Ascaill, crios foscaidh nó crios líneach crann (an iomarca lena liostú ina gcrann agus ina gcrann) – L	
Crainn i bhfálta sceach - CFS	
Coillearnaigh (níos mó ná 0.5 heic.) – fág fáschoillte foraoiseachta *(plantations)* amach – CL	

Aois

- ***Leath-aibí (crainn óga os cionn 5m ar aird) – LA***
- ***Aibí (amuigh is istigh ar 40-50 bliain d'aois) – A***
- ***Ró-aibí (Craobha ag críonadh siar, adhmad neamhbheo, srl.) – RA***

An Riocht ina bhfuil an Crann

Bíonn taifead ar shláinte an chrainn tábhachtach, agus is féidir crainn a roinnt ina gceithre chatagóir shimplí:

A – Go Maith

B - Réasúnta

C – Go Dona

D - Marbh

Ba chóir go mbainfeadh seo lena leitheadaí is atá damáiste Fisiciúil, m.sh.

- ***craobha briste, áiteanna mar a bhfuil píosaí den chrann stróicthe de, coilm;***
- ***Lobhadh, arna thabhairt le fios le cuasa nó fungas atá le feiceáil;***
- ***Craobha ag críonadh siar (beannach).***

Tá cruth agus deilbh an chrainn agus an dath agus a dhlúithe is atá an duilliúr air ina dtáscairí tábhachtacha maidir le sláinte chrainn freisin.

Luach don Tírdhreach

Scríobh síos tuairim ghonta ar ról na gcrann sa tírdhreach ó thaobh na ngnéithe seo a leanas:

Feidhm

- ***Crainn a thugann foscadh agus scáth; atá ina bhfál crann do thithe, mhonarchana, fhoirgnimh fheirme nó chairéil;***
- ***Caitheamh aimsire;***
- ***Gnáthóga fiadhúlra;***
- ***Creimeadh ar fhánaí géara á rialú ag na crainn;***
- ***Callán agus deannach i mbailte móra á scagadh acu; srl.***

Suíomh

- ***Crainn a dhéanann spéirlíne choille;***
- ***Atá féiceálach ar bharr nó ar thaobh cnoic;***
- ***Atá ina bhfráma thart ar radharc;***
- ***Atá tábhachtach mar chrainn ar thaobh an bhóthair;***
- ***Atá ag deireadh radhairc síos sráid;***
- ***Crainn i sráideanna, faichí baile, páirceanna agus diméinte,***
- ***A thagann go deas le foirgneamh; srl.***

Ba chóir eiseamail mhaithe aonair *(specimens)*, speicis thearca agus crainn atá inspéise ó thaobh an stair a bhaineann leo, a chur síos freisin.

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil is ea ENFO

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
2005